

Eolach mé ar mheirge an iarla

[Carney, James: *Poems on the Butlers: of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)*, Dublin, 1945, poem 15]

Flann mac Eóghain Meic Craith .cc.

1 Eólach mé ar mheirge an iarla,
an bhratach bhláith bhoirdniamhdha,
an eang mhór chréachtach chorcra,
an sróll éachtach onchonta.

2 An tsuaithnidh bheódha bhallach,
an chros éasgudh iodhlannach,
draig ghoimheamhuil na ccéad ccath,
an séad soineamhuil siobhlach.

3 An bhratach sin a-tá as-tigh
'na comhnuidhe a cCill Chuinnigh,
ba siobhlach an sonn goile
um Fhonn n-iobhrach Iúghoine.

4 An eang-soin gan ionlat ngliadh,
minic do chuir chuaird imchian
fá chíghibh Banbha na mbeann
a ttíribh amhra Éireann.

5 Nír filleadh aontroigh tar ais
láimh ré harsaidh fhóid Durlais,
eang shéanamhuil luaimneach lonn
uaibhreach éanamhuil éadtrom.

6 Gabháil Bhoeit - beag dá shéan -
táinig le Tomás Builtéar;
anbhuan re gonaibh nír ghabh
a ccoraidh chrannruaidh churadh.

7 De sin tugadh Tomás Dubh
[lá beartha buaidh a bhiodhbhadh]
d'éis chomhluinn an niamhdha náir
ar iarla gormfhuinn Gabhráin.

8 Ar Seaán neartmhar Ó Néill
tug maidhm gér dheacar dhoi-séin;
as ní théarnó uaidh, gidh eadh,
éanbhó do bhuuibh a bhailteadh.

9 Tug an t-iarla ar iomad slóigh
maidhm orrdhuirc Átha Meadhóin;
Iarla fionnDaoile a láimh leis,

miondaoine an áir nír aithreis.

10 Bun Raite, gér thuar troda,
an Clár is Cluain Rámhoda,
siad re lúdh glanáigh do ghabh,
gabháil na ndún géarbh iongnadh.

11 An Clár is Bun Raite a-rís
do ghabh bhós - beag dá sheirbhís;
do chreach an t-iath go humhal
fá seach ar thriath Tuadhmhumhan.

12 Nír fágbhadh leis - lór dá shéan -
sa chrích-sin cúirt ná caisléan
ar a thol gur réidhigh ris,
ná crodh éinfhir gan éislis.

13 Dún Libhse a n-oirtheor Uladh,
Dún Lóich iarthair Iarmhumhan,
gur éirigh goimh bhranáin Bhreagh
a ngabháil soin nír síleadh.

14 Eas Geitin do lingeadh lais,
feidhm nár mhór le mac Séamais;
nír tharbha faire ar an bhfonn
baile a ttarla 'na thiomcholl.

15 Carruig an Phuill na bport nglan,
Cloch an Ghleanna do ghabh-san;
bruidhne daingne ar ar chóir cion,
a ndaingne dhóibh nír dhídion.

16 Do chuir - fa cóir a chuimhne -
rian madhma ar Mhac Samhuirle,
's ar Shíol nDomhnaill leath ar leath,
breath an fhordháin dob áirmheach.

17 Mac Siobhán na ruag roimhear,
Gleann Arm uaidh do hionnsoigheadh
lá an fheadhma nírbh eagal lais
a ndearna dreagan Durlais.

18 Ríoghruidh Alban, aicme Néill
teagaid bhós - dia do dheighréir ! -
géag cumhra nár chló a ccogadh,
umhla dhó go ndearnodar.

19 Gleann Con Cadhuin do chreach sin
is Gleann Mo-Lura a Laighnibh;
lá oile do hionnradh lais

na moighe um fhionnmhagh Iorrais.

20 Gluaisdear lais a los buaidhe
do dhruim mara mongruaidhe
do chreachadh fiadh Uladh as,
fá triall curadh ar chanas.

21 Fonn Raghallach na reann ngéar
tiomchal a dhún 's a dhroibhéal,
uchán, mo chreach, as sé sin
an té do chreach an ccrích-sin.

22 Do hionnarbadh leis 'ma-le
Teagh Dubh, dúthaigh Í Mháille,
seabhadh sídhe, creachthóir cean
seachnóin gach té timcheal.

23 Aonbhó dá mbuaibh ceann a cceann,
Bréifne, Béarra agus Boireann,
nír fhéad siad d'anacal air
gé radhocar iad d'argain.

24 A ccreachadh ní dheachaidh de,
loisgis Osraighe is Éile -
a luadholl fá toisg tharbhach -
's do loisg fhuarfhonn Eatharlach.

25 Sé creacha déag, dál a chean,
a n-aonló leis do léigeadh
ó chrích Luimnigh na learg sean,
ceard budh duilbhír do dhéineamh.

26 Do turnadh leis a los neirt
d'aithle chean na n-eang n-oirdheirc,
lór baoghlaighe a mbeann ccorrach,
teann Caonraighe is Conallach.

27 Fá Eas Craoibhe a mbun Bhanna
do roighneadh uaidh eatorra,
fán ccrích n-airde ttaghtha ar tteacht,
marbhtha agus airgthe a n-aoineacht.

28 Do hionnradh Magh Line lais
is Rúta na ttrácht ttíormhais,
oirir ghlana fá bhfiar fiodh,
as fiadh Ara do hairgeadh.

29 A cCeann Tíre láimh do láimh
tug airgthe as fhochuin iomráidh,
's a Manuinn na míneas nglan,

daghfhuinn nár dhíleas dó-san.

30 Ciarruighe fá chuing smachta
tug a los a leóghanta,
's do chuir gach aoinneach umhal
a Muigh dhaoineach Dheasmhumhan.

31 A shluagh 's a airgthe uile
tug san Chasán Chiarruighe,
's lán mara ar gach taobh do thráigh,
a raon ana dob éadail.

32 A nEalluibh nír fháguibh soin
gan cuartughadh do chreachoibh,
dlús feedh ndíoghuinn ná doire
ar feedh mhíonfhuinn Músgroighe.

33 Clann Ghiobúin do loisgeadh lais -
eólach meise ar mac Séamais -
do cheannaigh sí a síoth mur soin
an chríoch is í arna hargoin.

34 Lá a Ránallchaibh ag roinn chreach,
athlá a ndúthaigh Dhéiseach -
táinig adhbhar iarghná de -
is grianlá a nglanMhagh Ghaillmhe.

35 Lá a Laoighis ag déanamh diadh,
lá a meadhón Mhuighe Maicniadh
tug an fionnghlan nár chlá cruth,
is lá ag ionnradh Ó nEachach.

36 Lá a cCloich Sdocáin ag breith buaidh,
lá a Sligeach ag deilbh deaghshluaign,
as lá d'fhialghlan na n-arm sídh
um Charn ngrianmhar Ó nGláimhín.

37 Tulach chor, cuan ná caladh,
le Tomás gan tiomchaladh,
oirear fádghlan na sreabh seang,
nír fágbhadh ar feedh nÉireann.

38 Fiú troigheadh de ní dheachuidh
gan lingeadh do Laighneachuibh,
ná d'fhoinn imiolghlan Uladh
ná d'inniollMhagh iarMhumhan.

39 Fán am-soin ní dheachoidh dhe
críoch Connacht, míonfhoinn Midhe,
súr a ccean, toghuil a ttor,

foghuil a bhfeadh 's a bhfosadh.

40 Ní raibhe ag cur iona cheann
fan am-soin d'fhearaibh Éireann,
fairche dhaoineach fá ngeal goil,
aoinneach as-teagh ná tug-soin.

41 Nír fháguibh ar aoi a oirbheirt
Mac Séamais, feidhm fíoroirbheirt,
foghluidhe ná creachthóir cruidh
seachnóní collMhuighe Cobhthuigh.

42 Gearr an ré a ndiaidh na dála
ar snadhmaidh na síothchána -
eang chneasaolta na síodh sean -
gur líon d'easaonta is d'imneadh.

43 Saoth leam - do chailg mo chroidhe -
bheith dó a ccill 'na chomhnoidhe,
creachthóir beann mbruachdhubbh mBanbha
as gleann n-uathmhur n-allmhurdha.

44 Iomdha críoch do creachadh lais
nach maoidhim ar mac Séamais,
gur chuir triath na ngéirreann nglan
iath Éireann ar a fhocal.

45 A n-aghuidh aithne a phrionnsa
nír léig san iath Éirionn-sa -
a dhéineamh cá cruaidhe céim? -
éinfhear uaidhe go n-oilbhéim.

46 Ní fhuil éineang d'Inis Fáil
gan lorg each Iarla Gabhráin,
as rian a chéimeann 's a chath
ar fhiadh Éireann dob eólach.